Barúlacha ó Uachtarán Pharlaimint na hEorpa Roberta Metsola ag an gComhairle Eorpach
an 15 Nollaig 2022

Ba sheachtain an-deacair í an tseachtain seo sa Bhruiséil. Lig dom a rá go léirítear san fhaisnéis a fuaireamar ó údaráis na Beilge go bhfuil amhrais thromchúiseacha ann faoi dhaoine a raibh naisc acu le rialtais uathlathacha, a dhéanann tionchar a thrádáil ar bhealach atá beartaithe, dar linn, ár bpróisis a cheansú.

Táimid tar éis oibriú i gcomhar le húdaráis na Beilge agus táim an-bhuíoch díobh. An intinn a bhí ann na ár bpróisis a chur de dhroim seoil. Ach níor ligeadh dó sin tarlú. Rinneadh na daoine sin a bhí faoi amhras a ghabháil, a dhiancheistiú agus a chúiseamh - mar ba cheart.

Ach ní foláir dom a rá freisin go mbeidh daoine ann i gcónaí gur fiú dóibh é dul sa seans má tá mála airgid ag sméideadh orthu, beag beann ar ár gcuid iarrachtaí cosc a chur orthu nó an trédhearcacht a fheabhsú - ach agus muid ag caint air sin, go bhféachfaimid le cur leis na coisc sin agus go ndéanfaidh mé próiseas láidir athchóirithe a stiúradh. Tá sé ríthábhachtach go dtuigfidh na daoine seo go mbéarfar orthu, go mbeidh iarmhairtí ann dóibh, go bhfeidhmíonn ár gcuid seirbhísí agus go gciontófar na daoine sin a mhéid is féidir faoin dlí.

Is é sin an smacht reachta. Is é sin an fhreagairt atá againn agus an chaoi a dhéantar iontaoibh a athchothú.

Tógann sé blianta fada an iontaoibh a chothú, mar is eol dúinn, ach ní thógann sé ach nóiméid í a mhilleadh. Agus is í ceist na hiontaoibhe seo a thugann siar mé chuig an ndíospóireacht ar aontachas na Rómáine agus na Bulgáire le Schengen.

Ba mhór an díomá é an tseachtain seo caite, gur chuir an Chomhairle na mílte Eorpach ó dhóchas arís nuair a roghnaigh sí moill a chur, arís eile, le haontachas an dá thír sin.

Cé is moite de dheireadh a chur leis an teorainneacha inmheánacha, tá sé d'oibleagáid ar an Rómáin agus ar an mBulgáir *acquis* Schengen a chur chun feidhme ina iomláine. Mar aon dul le Ballstáit Schengen eile, tá siad go hiomlán freagrach as slándáil agus cobhsaíocht theorainneacha seachtracha Schengen gan a dtairbhí a theachtadh.

D'éirigh leis an mBulgáir agus leis an Rómáin faoi seach i bpróisis mheastóireachta Schengen in 2011. B'shin níos mó ná 11 bhliain ó shin.

Is rófhada é sin. Tá borradh stairiúil ann é sin a réiteach - má dhéanaimid é, anois.

Labhair Klaus Iohannis trath faoi na teorainneacha a thógaimid in aigní daoine a thógann i bhfad níos faide fáil réidh leo. Bhí an ceart aige. Is Aontas muid agus tá stair bhródúil againn balla a leagan agus daoine a thabhairt le chéile. Is féidir linn é sin a dhéanamh arís, má tá an chrógacht againn cinntí polaitiúla a ghlacadh arb iad lorg ár nglúine ar thógáil na hEorpa.

Is féidir linn difear a dhéanamh go háirithe faoi láthair agus cúrsaí ag fáil níos deacra. Tá daoine ag fulaingt beagnach 300 lá de chogaíocht san Úcráin, boilsciú atá ag ardú, praghsanna fuinnimh éagobhsaí, tionscail atá ag streachailt agus billí millteanacha tí.

Chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí socheacnamaíocha, ní foláir dúinn filleadh ar an bhfás agus díriú ar iomaíochas na hEorpa agus an ról atá aici mar ghníomhaí domhanda.

Is fíor sin i gcás ár gcaidrimh Thras-Atlantaigh. Is éard atá san Acht um Laghdú Boilscithe de chuid na Stát Aontaithe, ná iarracht chun an t-aistriú fuinnimh agus an tslándáil fuinnimh a thabhairt chun réitigh, ar thaobh amháin, agus comhartha den chaomhnaitheacht atá ag méadú de réir a chéile, ar an taobh eile. Déanann sé leatrom oscailte ar fheithiclí leictreacha a tháirgtear san Aonas Eorpach agus déanann sé an comhar trasatlantach níos casta maidir le mianraí criticiúla agus táirgeadh ceallraí.

Tá súil agam gur féidir díospóidí trádála a sheachaint agus, ina ionad sin, go mbeidh an t-acht caomhnaitheachta seo de chuid na Stát Aontaithe ina ardán le haghaidh ceannaireacht bhreise idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le gníomhú ar son na haeráide, slándáil fuinnimh agus comhar maidir le comhchaighdeáin a shainiú. Ba cheart dúinn an t-athrú aeráide a chomhrac le chéile agus gan bonn tionsclaíoch a chéile a bheith thíos leis.

Ba cheart don Aontas Eorpach iarracht a dhéanamh buntáiste iomaíoch a ghnóthú trí chloí lena luachanna daonlathacha agus leanúint dá chlár oibre aeráide. Ba cheart dúinn leanúint de bheith á áitiú go n-éiríonn go maith lenar mbealach chun cinn.

Cuireann dea-thorthaí an tríú cruinniú aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta misneach orm. D'éirigh linn an comhrá a bhogadh chun cinn. Ní foláir dúinn dul i ngleic le forálacha idirdhealaitheacha a mhéid is féidir.

Agus baineann sé sin, mar shampla, le feithiclí leictreacha. Anois caithfimid an móiminteam a choimeád. Is é sin an chúis ar bunaíodh an tascfhórsa ardleibhéil maidir leis an Acht um Laghdú Boilscithe. Níl mórán ama againn.

Tá ceart agus cóir á lorg againn, ní dada níos mó. Tugann an tAontas Eorpach fóirdheontais do monaróirí gluaisteán leictreach, ach ní dhéanaimid idirdhealú. Táimid ag dréim leis an rud céanna ar ais ó na Stáit Aontaithe.

Ba cheart don Aontas gach ní a dhéanamh chun an chaomhnaitheachta a sheachaint.

Ní foláir dúinn dlús a chur le hinfheistíocht phoiblí san Eoraip, chun bheith ina ceangal le haghaidh réiteach Eorpach sa mheántéarma. Ach ní foláir dúinn cothroime iomaíochta a bheith ann sa Mhargadh Aonair agus ar fud an domhain. Ní foláir go mbeadh ár gComhaontú Glas ina straitéis fáis.

Tiocfaidh fás freisin ó athchóiriú a dhéanamh inár margadh fuinnimh. Ní foláir dúinn é a dhéanamh go mbeidh sé slán i bhfad na haimsire. Agus ní foláir dúinn an méid sin a dhéanamh le chéile. Caithfimid cromadh air go n-éireodh leis. Seans sin, leanfaimid de bheith ag ceantáil ar a chéile.

Leanfaimid orainn ag tacú le bearta a dhéanann líonadh stórála gáis don chéad gheimhreadh eile a éascú. Leanfaimid orainn ag tacú le soláthairtí a cheannach go comhpháirteach. Agus ní foláir dúinn ár bhfoinsí fuinnimh a éagsúlú.

Ní foláir dúinn creat rialála láidir a chur i bhfeidhm don todhchaí. Cheana féin, déanfaidh an t-athbhreithniú leanúnach ar Rialachán Gáis an Aontais ár rialacha a ailíniú leis an éileamh trádála agus le tarchur hidrigine glaise. Táthar ag dréim go ndéanfar athbhreithniú ar ár margadh leictreachais go luath sa bhliain úr. Agus is féidir liom a rá libh go bhfuil an Pharlaimint réidh chun ionchur a chur ar fáil chun cabhrú linn ár n-athléimneacht fuinnimh a thógáil i dteannta a chéile.

Is comhpháirtí í an Pharlaimint sa phlé agus fanfaidh sí sa ról sin. Tá plean RePowerEU, a nochtadh i mí na Bealtaine, ag teacht i bhfeidhm i ndáiríre. Díreach inné thángthas ar chomhaontú – mar a gealladh roimh na Nollag. Is féidir linn gníomhú go tapa agus tá sé léirithe againn go ndéanaimid é sin nuair is gá.

Dá fhad a théann an ghéarchéim fuinnimh ar aghaidh, is lú an réasúnú atá le hAirteagal 122 a úsáid mar bhunús dlí chun gníomhú.

Is minic a bhíonn tionchar córasach ag na tograí ón gCoimisiún – agus tá sé sin de dhíth orainn – ach ní mór don Pharlaimint a bheith rannpháirteach.

Tóg, mar shampla, an plé ar chaidhp phraghais – tá an plé ag dul ar aghaidh leis na míonna agus d'fhéadfadh breisluach ollmhór a bheith ag an bParlaimint ina leith sin. Ní neart go cur le chéile.

Tháinig moill ar fhás OTI an limistéir Euro an ráithe seo caite. Táimid ag dréim go mbeidh tuilleadh moille leis. Agus is dócha go dtiocfaidh laghdú ar an aschur sa ghearrthéarma. Bliain dhúshlánach a bheidh in 2023. Ach tá ár mbunús eacnamaíoch láidir agus tá i bhfad níos fearr déanta againn ná mar a rabhthas ag dréim leis i mbliana.

I dteannta a chéile, ní foláir dúinn staonadh ó bheartais fhioscacha a spreagann boilsciú agus a bhuaileann na daoine is leochailí. Ní hé sin le rá, nach féidir níos mó solúbthachta a bheith ann i réimsí áirithe ach is gá cothromaíocht a bheith ann.

Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Tá gá le creat cuí inchreidte le haghaidh beartais fhioscacha inbhuanaithe. Tá áthas orm go bhfuil an Coimisiún ag seoladh díospóireachta leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa faoin méid sin.

Ach ní mór dúinn bogadh go tapa. Ní mór é sin a dhéanamh in 2023.

Agus in 2023, beidh orainn seasamh níos láidre leis an Úcráin. Féachfaidh siad chugainn arís le haghaidh tacaíocht pholaitiúil, dhaonnúil, mhíleata, fuinnimh agus airgeadais.

Ní féidir linn ár maidí a ligean le sruth — is é sin a bhfuil an Rúis ag súil leis. Ba mhaith leo ár gcórais agus ár bhfoighne a ídiú. Ní foláir dúinn an athléimneacht chéanna, ar iarramar ar mhuintir na hÚcráine, a léiriú anois.

Ní foláir dúinn bailchríoch a chur ar an gcéad bhabhta eile smachtbhannaí agus a áirithiú go ndúnfar aon lúb ar lár atá fós ann.

Inné, bhronnamar Duais Sakharov ar mhuintir na hÚcráine, arb é an tUachtarán Zelenskyy an t-ionadaí di. Chuir a chuid focal ina luí orainn diongbháilteacht agus crógacht na hÚcráine – amhail is dá mba ghá dúinn níos mó cruthúnais a fháil. Agus mhol mé go hard an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Úcráin maidir le 7 moladh an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme maidir le hiarratas na hÚcráine ar bhallraíocht an Aontais Eorpaigh.

Is féidir linn agus leanfaimid orainn ag tacú le muintir na hÚcráine.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat, a Petr, as Uachtaránacht na Seicia ar an gComhairle, as muid a stiúradh le míonna anuas agus as clabhsúr a chur le liosta fada de chomhaid dheacra, le linn tréimhse dheacair.

Cuirim fáilte ó chroí roimh Uachtaránacht na Sualainne atá le teacht agus táim ag tnúth le bheith ag obair leat, a Ulf.

Tá ualach trom orainn fós.

Gach uair a thagaimid le chéile, is cosúil go n-éiríonn sé níos troime fós. Ach táim lánchinnte de go bhfuilimid ag obair i gcomhar le chéile chun ár ndifríochtaí a shárú agus chun an tAontas Eorpach a threorú.

Go raibh maith agaibh.